Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15772/25**

| | |
|---|---|
| **CONSOM 267** | **CLIMA 552** |
| **COMPET 1217** | **ENV 1260** |
| **MI 939** | **DIGIT 250** |
| **IND 532** | **TELECOM 424** |
| **ENT 258** | **SAN 765** |
| **JUSTCIV 196** | **AUDIO 121** |
| **EF 385** | **CYBER 340** |
| **ECOFIN 1583** | **CHIMIE 138** |
| **TRANS 572** | **RC 55** |
| **ENER 612** | |

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 848 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí agus plean gníomhaíochta do thomhaltóirí sa mhargadh aonair<br>‘Spreagadh nua do chosaint tomhaltóirí, don iomaíochas agus don fhás inbhuanaithe’ |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 848 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 848 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 848 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí agus plean gníomhaíochta do thomhaltóirí sa mhargadh aonair
# ‘Spreagadh nua do chosaint tomhaltóirí, don iomaíochas agus don fhás inbhuanaithe’

{SWD(2025) 848 final}

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí agus plean gníomhaíochta do thomhaltóirí sa mhargadh aonair
## 'Spreagadh nua do chosaint tomhaltóirí, don iomaíochas agus don fhás inbhuanaithe'

Cuid lárnach dár nAontas í an chosaint a fhaigheann tomhaltóirí agus tá sí i gcroílár ár margaidh aonair[1]. Áirithítear léi gur féidir le tomhaltóirí na hEorpa roghanna eolasacha a dhéanamh, go bhfuil siad sábháilte le linn dóibh earraí agus seirbhísí a cheannach, go gcaitear go cothrom leo i gconarthaí agus in idirbhearta, agus go bhfuil rochtain acu ar leigheasanna éifeachtacha. Tá Clár Oibre láidir do Thomhaltóirí ríthábhachtach chun difear a dhéanamh i saol laethúil tomhaltóirí agus chun ár gcuspóirí uileghabhálacha maidir le hiomaíochas agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach, ar cuspóirí iad a threisíonn a chéile agus a chosnaíonn an daonlathas agus an chothroime shóisialta[2].

Baineann tomhaltóirí na hEorpa tairbhe as cuid de na leibhéil chosanta is láidre ar domhan, ach tá cuid mhaith dúshlán rompu fós. Áirítear orthu sin an t-ardchostas maireachtála agus an éiginnteacht shocheacnamaíoch; tionchair an athraithe aeráide; neamhchosaint ar tháirgí neamhshábháilte agus ar chleachtais tráchtála éagóracha, go háirithe ar líne; bacainní leanúnacha nuair a bhítear ag gabháil do shiopadóireacht trasteorann; agus deacrachtaí maidir le sásamh a fháil. Tá na dúshláin atá roimh mhargadh an Aontais ag dul i méid freisin mar gheall ar an méadú suntasach atá tagtha ar allmhairí ríomhthráchtála ó lasmuigh den Aontas, go háirithe beartáin ar luach íseal a allmhairítear agus a sheachadtar go díreach chuig tomhaltóirí, lena mbaineann rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht, atá neamh-inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus a chruthaíonn iomaíocht éagórach do ghnólachtaí comhlíontacha san Aontas[3].

Treisíonn cosaint tomhaltóirí, iomaíochas agus rathúnas inbhuanaithe a chéile. Mar a shonraítear i dTuarascáil Letta, trí chosaint tomhaltóirí a fheabhsú, cothaítear timpeallacht iomaíoch a théann chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon. Ós rud é go bhfuil os cionn 51 % de OTI an Aontais á chaitheamh ag 450 milliún tomhaltóir sa mhargadh aonair agus ar chaiteachas an teaghlaigh[4] (rud a fhágann gurb é an chomhpháirt aonair is mó de ghníomhaíocht eacnamaíoch an Aontais é), tá ról ríthábhachtach ag tomhaltóirí i gcroílár ár ngeilleagair. Spreagann na riachtanais atá acu, na rudaí a spreagann iad, a sainroghanna, a n-ábhair imní agus, ar deireadh, a gcuid roghanna, spreagann na rudaí sin iomaíocht, nuálaíocht, infheistíocht agus fás inbhuanaithe. Bíonn tionchar ag na

[1] Airteagal 12 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 38 den Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha.
[2] Tosaíochtaí 2024-2029 an Choimisiúin Eorpaigh.
[3] I mí Feabhra 2025, thíolaic an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht maidir le bosca uirlisí cuimsitheach le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe. Beidh dul chun cinn tapa riachtanach i roinnt réimsí, lena n-áirítear deireadh a chur leis an díolúine ó dhleacht chustaim do tháirgí ar luach faoi bhun EUR 150 mar chuid d'athchóiriú custaim, feabhas a chur ar an gcomhar le tíortha ina dtionscnaíonn na táirgí sin chun dul i ngleic le sábháilteacht táirgí ag an bhfoinse, agus ár gcumais forfheidhmiúcháin a neartú maidir le custaim, faireachas margaidh agus cosaint tomhaltóirí.
[4] Eurostat: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/NAMA_10_GDP/default/table?lang=en.

tosca sin freisin ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar táirgí a allmhairiú, a fhás nó a dhéanamh san Aontas, agus dá bhrí sin bíonn tionchar acu ar an aistriú cóir ar an iomlán.

Dá réir sin, méadaíonn margadh iomaíoch an Aontais leas tomhaltóirí trí rogha leathan earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar phraghsanna inacmhainne. Le creat láidir cosanta tomhaltóirí, soláthraítear rialacha agus dreasachtaí chun an mhuinín, na coimircí agus an deimhneacht dhlíthiúil a theastaíonn ó thomhaltóirí agus ó ghnólachtaí araon a chruthú. Mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le fás easpónantúil allmhairí ríomhthráchtála, tá sé ríthábhachtach rialacha an Aontais maidir le cearta tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go dian, ní hamháin chun tomhaltóirí a chosaint ach chun cuideachtaí comhlíontacha a chosaint ar iomaíocht éagórach freisin.

Chomh maith leis an ról lárnach eacnamaíoch sin, tá gné shóisialta, chosantach agus chobhsaitheach intreach ag beartas tomhaltóirí a bhfuil tábhacht níos mó fós ag baint léi sa tréimhse chorrach atá os comhair na hEorpa agus an domhain sa lá atá inniu ann. Trí chreat a chruthú lena gcosnaítear cearta daoine, lena n-áirithítear cleachtais cothroma margaidh agus lena saothraítear dea-bhail chomhchoiteann agus neamh-idirdhealú, cothaíonn beartas tomhaltóirí cothroime shóisialta agus neartaíonn sé muinín inár ndaonlathas. Mar shampla, is féidir le beartas tomhaltóirí deacrachtaí tomhaltóirí leis an gcostas ard maireachtála a éascú agus a n-ábhair imní maidir leis an gcomhshaol a mhaolú trí thacú leis an ngeilleagar ciorclach agus trí infhaighteacht táirgí inbhuanaithe inacmhainne agus tarraingteacha a chothú.

Is é sin an comhthéacs ina bhfuil an Coimisiún Eorpach ag cur i láthair **Chlár Oibre 2030 do Thomhaltóirí ('an Clár Oibre'),** creat nua straitéiseach le haghaidh bheartas tomhaltóirí an Aontais ina leagtar amach tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí coincréiteach le haghaidh na 5 bliana amach romhainn.

Cumhdaítear leis an gClár Oibre raon leathan gníomhaíochtaí a fhreagraíonn go díreach do na príomhdhúshláin agus a léiríonn cineál trasghearrtha an bheartais tomhaltóirí. Is é is aidhm dó cosaint tomhaltóirí a fheabhsú agus iomaíochas, cothroime shóisialta agus fás inbhuanaithe a chothú, go háirithe trí chur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach agus éifeachtach rialacha an Aontais a neartú agus trí dhul i ngleic le dúshláin thábhachtacha amhail cothroime dhigiteach agus cosaint tomhaltóirí ar líne.

Tugtar aghaidh sa Chlár Oibre ar cheithre **phríomhréimse tosaíochta**. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise an róil lárnaigh atá ag cosaint tomhaltóirí chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh aonair i gceart agus a thábhachtaí atá an margadh aonair chun rathúnas a chruthú agus borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, áirítear sa Chlár Oibre **plean gníomhaíochta do thomhaltóirí sa mhargadh aonair.** Comhlánaíonn an plean gníomhaíochta sin an **straitéis um an margadh aonair** trí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ar leith laistigh den mhargadh aonair a dhéanann difear díreach do thomhaltóirí. Is iad an **chothroime dhigiteach** agus **cosaint tomhaltóirí ar líne, tomhaltas inbhuanaithe,** agus **forfheidhmiú agus sásamh** príomhthosaíochtaí eile an Chláir Oibre.

Leis an ngá atá le dul in oiriúint do shochaí atá ag athrú go tapa agus leis an méadú atá tagtha ar ríomhthráchtáil, méadaítear na castachtaí agus na rioscaí do ghrúpaí tomhaltóirí sonracha, amhail daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, tomhaltóirí óga nó teaghlaigh ar ioncam íseal.. Dá bhrí sin, is **tosaíocht** thábhachtach **uileghabhálach** é **tomhaltóirí atá i staideanna leochaileacha a chosaint,** tosaíocht a chuimsíonn gach réimse den Chlár

Oibre. Áirítear leis sin leanaí a chosaint mar thomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach, agus dul i ngleic le tionchar an ardchostais mhaireachtála, rud a fhágann go bhfuil sé ag éirí níos deacra ag go leor daoine íoc as bunriachtanais amhail bia agus tithíocht.

Is **tosaíocht uileghabhálach** é **simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin**, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa **Chompás Iomaíochais**. Chuige sin, is é is aidhm don Chlár Oibre rialacha cosanta tomhaltóirí a shimpliú agus a shoiléiriú, ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú agus a chur ar a gcumas do chuideachtaí oibriú i dtimpeallacht shoiléir, chothrom agus intuartha, agus caighdeáin láidre cosanta tomhaltóirí á gcoinneáil ar bun an tráth céanna. Go háirithe, is bunchloch den Chlár Oibre é an creat forfheidhmiúcháin a neartú agus a shimpliú agus cuideoidh sé le gnólachtaí a gcostais chomhlíontachta a laghdú agus leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an margadh aonair. Dá réir sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí cuidiú a thabhairt brúnna ó thaobh an chostais maireachtála de a mhaolú de bharr an tsimplithe agus an laghdaithe ualaigh chomh maith.

Beidh comhar gníomhach idirnáisiúnta, ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach araon, mar bhonn taca leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chlár Oibre. Leanfaidh an tAontas ag obair le tíortha ar fud an domhain agus leanfaidh sé dá rannpháirtíocht i bhfóraim iltaobhacha, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a chur chun cinn agus chun tacú le cothrom iomaíochta do ghnólachtaí. Beidh an tAontas i dteagmháil go fóill le comhpháirtithe toilteanacha trí idirphlé neamhfhoirmiúil tomhaltóirí agus ag comhoibriú leis na húdaráis ábhartha, go háirithe maidir le sábháilteacht táirgí a dhíoltar ar líne, chomh maith le Seachtain Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Táirgí a eagrú gach 2 bhliain. Leanfaidh an Coimisiún freisin dá thacaíocht do thíortha is iarrthóirí ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí mar chuid de phróiseas méadaithe an Aontais.

Cuireann an Clár Oibre leis an méid a baineadh amach leis an g**Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí** a glacadh in 2020 agus leanann sé as an bplé fairsing a bhí ar siúl le páirtithe leasmhara[5]. Chun a chuspóirí a bhaint amach agus a ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme, tá **creat rialachais cuimsitheach, trédhearcach agus dinimiciúil** fíor-riachtanach. Comhoibreoidh an Coimisiún ar bhealach struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa, comhlachais ghnó, an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí. Beidh a rannpháirtíocht ghníomhach le linn phróiseas cur chun feidhme an Chláir Oibre ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis.

## 1. An margadh aonair a chomhlánú: Plean gníomhaíochta do thomhaltóirí

Tá an margadh aonair ar cheann de na rudaí is mó atá bainte amach ag an Aontas Eorpach. Cuireann sé **tairbhí móra** ar fáil do thomhaltóirí, amhail rogha níos fearr agus praghsanna níos ísle, agus is sócmhainn ríthábhachtach é chun borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa. Mar sin féin, cuireann go leor bacainní cosc fós ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith

[5] Féach an tuarascáil achoimre a ghabhann leis ina bhfuil gearrthuairisc ar ghníomhaíochtaí comhairliúcháin páirtithe leasmhara, SWD(2025) 848.

práinneach an margadh aonair a chomhlánú. Comhlánaíonn an plean gníomhaíochta sin na bearta a áirítear sa straitéis um an margadh aonair agus i dtreochlár an mhargaidh aonair go dtí 2028 atá ar na bacáin. Téann sé i ngleic le bacainní a chuireann bac ar thomhaltóirí tairbhe bhreise a bhaint as an margadh aonair, go háirithe i réimsí na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí, go háirithe seirbhísí airgeadais, soghluaisteacht agus iompar.

Ó glacadh an **Rialachán maidir le Geobhlocáil** in 2018, cuireadh feabhas leis ar rochtain tomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí trasteorann trí dheireadh a chur le geobhlocáil nach bhfuil údar léi agus le cineálacha eile idirdhealaithe díolacháin ar líne bunaithe ar náisiúntacht nó áit chónaithe nó bhunaíochta. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le cur chun feidhme ceart an Rialacháin[6]. I mí Feabhra 2025, sheol an Coimisiún meastóireacht fhoirmiúil ar an Rialachán chun a mheas cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh a chuspóirí leis. I gcomhthreo leis, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh anailíse ar na tairbhí, na dúshláin agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le raon feidhme an Rialacháin a leathnú.

Níl bacainní trasteorann a chuireann srian ar rogha an tomhaltóra teoranta do thimpeallachtaí ar líne. Le **srianta soláthair críochacha**, ar srianta iad arna bhforchur ag roinnt monaróirí agus a bhfuil sé an-deacair nó dodhéanta dá ndeasca do mhiondíoltóirí, ó shiopaí ar líne agus ó shiopaí brící agus moirtéil araon, táirgí a cheannach i mBallstát amháin lena ndíol i mBallstát eile, déantar an margadh aonair a ilroinnt freisin agus d'fhéadfadh praghsanna níos airde a bheith mar thoradh orthu, rud a achuirfeadh leis an méadú ar an gcostas maireachtála[7]. Mar a fógraíodh sa straitéis um an margadh aonair, forbróidh an Coimisiún uirlisí chun gníomhú in aghaidh srianta soláthair críochacha nach bhfuil údar leo i gcásanna nach dtagann faoi raon feidhme dhlí na hiomaíochta. An tráth céanna, leanfaidh an Coimisiún de na rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú go bríomhar.

Réimse eile ina bhfuil bacainní roimh thomhaltóirí is ea an **soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais.** Cé go bhfuil méadú tagtha ar sciar na dtomhaltóirí a cheannaíonn seirbhísí airgeadais thar lear, tá sé fós an-teoranta i gcatagóirí táirgí áirithe amhail iasachtaí do thomhaltóirí, iasachtaí morgáiste agus árachas. Trí sholáthar trasteorann seirbhísí airgeadais miondíola a mhéadú agus, an tráth céanna, tomhaltóirí a chosaint ar iasachtaí meargánta agus ar rófhéichiúnas, is féidir tairbhí a thabhairt do thomhaltóirí agus do dheiseanna gnó do sholáthraithe seirbhísí airgeadais. D'fhéadfadh srianta a bheith fós ar thomhaltóirí agus iad ag iarraidh cuntas íocaíochta a oscailt i mBallstát eile. Cuirfidh an **tAontas Coigiltis agus Infheistíochta** comhtháthú níos doimhne na margaí caipitil chun cinn — in éineacht le córas baincéireachta comhtháite — agus cuirfidh sé feabhas ar sholáthar trasteorann cistí. Spreagfaidh sé rannpháirtíocht mhiondíola i margaí caipitil, go háirithe trí fhéachaint le hinfhaighteacht agus glacadh **cuntas coigiltis agus infheistíochta** a mhéadú lenar féidir le tomhaltóirí torthaí fadtéarmacha níos airde a fháil ó infheistíocht a dhéanamh i margaí airgeadais, mar a leagtar amach sa **Mholadh ón gCoimisiún chuig na Ballstáit maidir le Cuntais Choigiltis agus Infheistíochta**. Oibreoidh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit chun **cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta seirbhísí airgeadais atá ann cheana a áirithiú**, amhail an Treoir maidir le

[6] Féach: Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le tionchar an Rialacháin maidir le Geobhlocáil agus an dul chun cinn atá déanta maidir le bacainní trasteorann a laghdú a thuilleadh, agus Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:Geobhlocáil gan údar sa ríomhthráchtáil. Féach freisin: Geobhlocáil – Údar imní fós ag ECC-Net.

[7] Measadh i staidéar a rinneadh don Choimisiún Eorpach dá gcuirfí deireadh le srianta soláthair críochacha, go bhféadfadh tomhaltóirí suas le EUR 14.1 billiún a shábháil in aghaidh na bliana ar cheannacháin táirgí áirithe.

Cuntais Íocaíochta. Leis an Treoir seo, cuirtear cosc ar sholáthraithe seirbhíse idirdhealú a dhéanamh in aghaidh thomhaltóirí an Aontais ar fhorais náisiúntachta nó áit chónaithe nuair a dhéanann siad iarratas ar rochtain ar chuntas bainc, agus tugtar an ceart do gach tomhaltóir a bhfuil cónaí dlíthiúil air san Aontas cuntas íocaíochta bunúsaí a fháil. Chun **forfheidhmiú** na rialacha sin a fheabhsú, breithneoidh an Coimisiún an Rialachán maidir leis an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro, lena n-áirítear riail lena dtoirmisctear **idirdhealú IBAN**[8], a thabhairt isteach faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí. Díreoidh an Coimisiún freisin ar straitéis litearthachta airgeadais **an Aontais** a chur chun feidhme, arb é is aidhm di é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí a n-airgeadas pearsanta a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus páirt a ghlacadh i margaí caipitil ar bhonn sábháilte fónta. In 2028, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tástáil struis chuimsitheach a dhéanamh ar dhlí an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais tomhaltóirí chun measúnú a dhéanamh ar a athléimneacht, chun deiseanna a shainaithint chun na rialacha a shimpliú, agus chun a áirithiú go mbeidh sé fós oiriúnach dá fheidhm i dtimpeallacht airgeadais atá ag athrú go tapa.

Chomh maith leis an bhféidearthacht rochtain a fháil ar earraí agus ar sheirbhísí ar fud an Aontais, cuireann **saorghluaiseacht daoine** laistigh den mhargadh aonair ar a gcumas do thomhaltóirí leas a bhaint as na tairbhí uile a bhaineann le hEoraip gan teorainneacha. Le linn do thomhaltóirí a bheith ag taisteal, ní mór dóibh rochtain a bheith acu ar sheirbhísí soghluaisteachta, iompair agus cumarsáide leictreonaí atá inacmhainne, ar ardchaighdeán, gan uaim agus inrochtana, agus tacar láidir ceart mar thaca leo.

A mhéid a bhaineann le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, fágann rialacha **fánaíochta** an Aontais gur féidir le tomhaltóirí a bhíonn ag taisteal laistigh den Aontas/LEE a ngutháin a úsáid chun glao a chur, chun téacs a sheoladh agus chun rochtain a fháil ar an idirlíon gan táillí breise. Tá comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas cheana féin lena leathnófar limistéar fánaíochta an Aontais go héifeachtach chuig an Úcráin agus chuig an Moldóiv ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Chuir an Coimisiún tús freisin leis an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha cumarsáide leictreonaí an Aontais maidir le cearta úsáideoirí deiridh agus seirbhís uilíoch.

Cé go bhfuil an t-éileamh ar **thaisteal ilmhódach** ag dul i méid, tá go leor bacainní fós roimh thomhaltóirí maidir le táillí a chur i gcomparáid, an rogha taistil is fearr a aimsiú, a dturais a chur in áirithe agus seasamh lena gcearta i gcás ina gcuirtear isteach orthu. Is amhlaidh an cás go háirithe i gcás taisteal d'iarnród. Leis na tograí atá ar na bacáin i ndáil le **Rialachán maidir le hÁirithint agus Ticéadú Digiteach Aonair**, leis an **Rialachán maidir le Seirbhísí Soghluaisteachta Digití Ilmhódaí** agus leis an athbhreithniú spriocdhírithe ar an **Rialachán maidir le Cearta Paisinéirí Iarnróid**, mar aon le glacadh ghníomhartha reachtacha an **Phacáiste Soghluaisteachta Paisinéirí** atá ar na bacáin, rachfar i ngleic le roinnt de na dúshláin sin. Áirítear sa Phacáiste Soghluaisteachta Paisinéirí an t-athbhreithniú ar Rialacháin an Aontais maidir le cearta paisinéirí chomh maith leis an athbhreithniú ar **Threoir 2015 maidir le Taisteal Láneagraithe**. Mar thoradh ar an athbhreithniú ar an Treoir seo a thabhairt chun críche, beidh cosaint níos éifeachtaí ann do thomhaltóirí, lena n-áirítear trí rialacha nua maidir le dearbháin, lena n-éilítear toiliú sainráite ó thaistealaithe. Áiritheofar leis freisin go gcuirfear faisnéis níos soiléire ar fáil do thomhaltóirí, agus an líon foirmeacha faisnéise á

[8] Sainordaítear leis an Rialachán maidir leis an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Eorpacha nach mór do bhainc agus do ghnólachtaí caitheamh go cothrom le hUimhreacha Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBANanna) ó Bhallstáit uile an Aontais, lena n-áirithítear gur féidir le daoine aonair agus le cuideachtaí idirbhearta a dhéanamh thar theorainneacha gan bacainní gan údar a bheith rompu bunaithe ar thionscnamh a IBAN.

laghdú go suntasach an tráth céanna. De bharr thabhairt chun críche an athbhreithnithe reachtaíocht an Aontais maidir le **cearta paisinéirí**, áiritheofar go háirithe forfheidhmiú níos fearr ar chearta paisinéirí, cruthófar cearta do phaisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha, feabhsófar cearta paisinéirí faoi mhíchumas, feabhsófar faisnéis do phaisinéirí maidir lena gcearta agus soiléireofar na rialacha maidir le haisíocaíochtaí aerthicéad nuair a chuirtear in áirithe trí idirghabhálaithe iad. Cuirfidh an Coimisiún athbhreithniú ar an **Rialachán maidir le hAersheirbhísí** ar aghaidh freisin. Is éard a bheidh i gceist leis sin gníomhaíocht spriocdhírithe chun rialacha cosanta tomhaltóirí a threisiú, lena n-áirítear trí shoiléireacht a sholáthar maidir le liúntais íosta bagáiste láimhe[9] agus maidir leis na gnéithe agus na seirbhísí nach mór a áireamh mar chaighdeán i ngach aerthicéad agus trí thrédhearcacht agus inchomparáideacht na n-aerthicéad a mhéadú.

Chun an t-aistriú i dtreo **soghluaisteacht ghlan** a bhaint amach, ní mór deireadh a chur le bacainní a chuireann bac ar úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha ar bhonn intíre agus thar theorainneacha. De réir mar a cheannaíonn níos mó tomhaltóirí gluaisteáin leictreacha, tá margadh luchtaithe dea-fheidhmiúil iomaíoch de dhíth orthu. Tá méadú suntasach tagtha ar bhonneagar luchtaithe poiblí an Aontais, a bhuí leis an **Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha**. Tugadh isteach leis an Rialachán freisin forálacha chun próisis íocaíochta a éascú agus chun trédhearcacht praghsanna athluchtaithe a fheabhsú. In 2026, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha agus déanfaidh sé measúnú ar éifeachtacht na bhforálacha atá ann cheana agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun trédhearcacht iomlán praghsanna agus modhanna íocaíochta éasca a áirithiú.

Mar chuid de **straitéis an Aontais maidir leis an turasóireacht inbhuanaithe**, dearcfaidh an Coimisiún chomh maith ar conas é a dhéanamh níos inrochtaine do thomhaltóirí **gluaisteáin a fháil ar cíos ar bhonn trasteorann**. I gcomhréir leis an straitéis um an margadh aonair, tá an Coimisiún ag smaoineamh ar an bhféidearthacht rialacha agus prionsabail an Aontais maidir leis an margadh aonair a chur i bhfeidhm maidir leis an earnáil tacsaithe agus feithiclí fruilithe phríobháidigh.

Is cuid bhunúsach de mhargadh gluaisteán athláimhe na hEorpa í an trádáil trasteorann[10]. Mar sin féin, mar gheall ar an easpa faisnéise iontaofa maidir le míleáiste gluaisteán, cothabháil agus cuntais teiste tionóiscí, baintear an bonn d'iontaoibh tomhaltóirí agus fágtar tomhaltóirí neamhchosanta ar chleachtais chalaoiseacha. Tá córais éagsúla curtha i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin. Áirítear sa **Phacáiste Ródacmhainneachta** a glacadh i mí Aibreáin 2025 bearta chun aghaidh a thabhairt ar chrioscaíl odaiméadair i ndíolacháin intíre agus trasteorann feithiclí athláimhe. Áiritheofar leis na bearta sin go bhfaighidh tomhaltóirí faisnéis chuí, rud a neartóidh cosaint tomhaltóirí i margadh na bhfeithiclí athláimhe. De bhreis air sin, tá an Coimisiún ag obair ar athbhreithniú ar an **Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán chun tomhaltóirí** a choinneáil ar an eolas ar bhealach níos fearr.

Le **Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí**, a bheidh ar fáil i ngach Ballstát faoi 2026, beidh sé níos éasca do thomhaltóirí príomhdhoiciméid taistil amhail víosaí digiteacha agus pasanna digiteacha a stóráil agus a chomhroinnt agus iad a úsáid chun eitiltí agus óstáin a sheiceáil go héasca, cuntas bainc a oscailt, gluaisteán a fháil ar cíos, oidis leighis a

[9] Gan dochar don chaibidlíocht atá ar bun faoi láthair faoin athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cearta paisinéirí.

[10] Staidéar JRC, 'A review of the used car market in the European Union' [Athbhreithniú ar an margadh gluaisteán athláimhe san Aontas Eorpach], 2025.

athnuachan, agus rochtain a fháil ar sheirbhísí príobháideacha agus poiblí eile ar bhonn trasteorann.

Is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an **gcostas maireachtála agus ar threochtaí eacnamaíocha sa mhargadh aonair** chun bearta beartais tomhaltóirí a fhorbairt lena rachfar i ngleic le bacainní, lena dtacófar le comhionannas sóisialta agus lena n-áiritheofar caighdeáin leasa tomhaltóirí. Agus é ag tógáil ar shonraí agus ar léirshamhluithe Eurostat atá ar fáil, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar a uirlisí ar líne chun an éabhlóid ar phraghas earraí agus seirbhísí bunúsacha tomhaltóirí sa mhargadh aonair a rianú ar bhealach atá inrochtana agus éasca le tuiscint lena n-áirítear chun críoch taighde agus ceaptha beartas. Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh forbartha freisin ar na codanna sin de **Scórchlár Dhálaí na dTomhaltóirí** a bhaineann leis an gcostas maireachtála. Ar deireadh, cuirfidh an Coimisiún an chéad **straitéis frithbhochtaineachta AE** dá raibh riamh ann i láthair in 2026 chun cabhrú le daoine rochtain a fháil ar na cosaintí agus na seirbhísí riachtanacha a theastaíonn uathu, agus chun conair shoiléir a leagan amach chun an líon daoine atá bocht a laghdú faoi 15 mhilliún faoi 2030 agus cuidiú a thabhairt deireadh a chuir leis an mbochtaineacht san Eoraip faoi 2050 trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta. Tacófar leis sin freisin le **Ráthaíocht** neartaithe do **Leanaí** chun leanaí a chosaint ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta.

Gníomhaíochtaí

- Meastóireacht ar an **Rialachán maidir le Geobhlocáil** (R2 2026) a thabhairt chun críche agus tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na tairbhí, na dúshláin agus na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint lena raon feidhme a leathnú.
- Uirlisí a fhorbairt chun cur in aghaidh **Srianta Soláthair Críochacha gan údar** chun cásanna a chumhdach cé is moite de na cásanna atá cumhdaithe ag dlí na hiomaíochta, amhail cleachtais mhínádúrtha monaróirí móra (R4 2026).
- Soláthar **seirbhísí airgeadais trasteorann** a chothú, trí fhaireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí miondíola i margaí caipitil agus ar **infhaighteacht agus glacadh cuntas coigiltis agus infheistíochta** (2026-2027).
- Leibhéal na **litearthachta airgeadais** a fheabhsú trí Straitéis an Aontais maidir le Litearthacht Airgeadais a chur chun feidhme (ó R1 2026 ar aghaidh).
- **Tiachóga na Céannachta Digití ón Aontas** a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát uile mar mhodh aitheantais dhigitigh atá sábháilte, iontaofa agus mar bhealach lena gcaomhnófar príobháideachas gach duine san Aontas (R4 2026).
- **Comhaontuithe fánaíochta** a thabhairt i gcrích le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas (mar shampla, an Úcráin agus an Mholdóiv ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh agus na Balcáin Thiar).
- Forbairt **seirbhísí soghluaisteachta trasteorann** a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - tionscnaimh a sheoladh le haghaidh **seirbhísí soghluaisteachta digiteacha ilmhódacha, áirithint dhigiteach aonair agus ticéadú digiteach aonair, agus athbhreithniú spriocdhírithe ar chearta paisinéirí iarnróid chun feabhas a chur ar áirithint taistil** agus modhanna éagsúla iompair nó oibreoirí éagsúla iompair á gcomhcheangal, go háirithe le haghaidh iarnróid (tograí reachtacha — R1 2026);

    - athbhreithniú a dhéanamh ar an **Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha** (2026);
    - tionscnamh a sheoladh maidir le **gluaisteáin a fháil ar cíos ar bhonn trasteorann** (R2 2026).
- **Faireachán agus anailís ar dhálaí agus treochtaí tomhaltóirí** a neartú, lena n-áirítear an costas maireachtála (faoi dheireadh 2026).

## 2. COTHROIME DHIGITEACH AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ AR LÍNE

Tá go leor buntáistí ag baint leis an ngeilleagar digiteach do thomhaltóirí. Tá táirgí agus seirbhísí nua tugtha isteach leis agus tá saol na dtomhaltóirí athraithe ó bhonn ar go leor bealaí, ón gcaoi a ndéanaimid siopadóireacht, go dtí an chaoi a mbainimid úsáid as siamsaíocht, an chaoi a ndéanaimid rochtain ar fhaisnéis agus an chaoi a ndéanaimid idirghníomhú le gnólachtaí. Le teacht chun cinn na ríomhthráchtála, forbairt teicneolaíochtaí nua agus úsáid mhéadaitheach na hintleachta saorga (IS), tá sé tábhachtach a áirithiú go leanfaidh dlí tomhaltóirí an Aontais d'ardleibhéal cosanta a sholáthar do thomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach atá ann faoi láthair, rud a chaomhnóidh neamhspleáchas tomhaltóirí agus saoirse rogha.

Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha , leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, agus leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, neartaíodh leabhar rialacha digiteacha an Aontais, rud is léir a chuaigh chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí[11]. Tá sé ríthábhachtach na rialacha sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach chun dul i ngleic leis na rioscaí agus na dúshláin a bhíonn roimh thomhaltóirí ar líne. Mar sin féin, sainaithníodh sa **tseiceáil oiriúnachta cothroime digití ar dhlí tomhaltóirí an Aontais** easnaimh agus cleachtais achrannacha sa timpeallacht dhigiteach a éilíonn gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun bearnaí i gcosaint tomhaltóirí a líonadh, éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú do ghnólachtaí, ilroinnt rialála a chosc agus forfheidhmiú a éascú.

Mar shampla, tugann an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha aghaidh cheana féin ar roinnt gnéithe de na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh thomhaltóirí ar líne. Mar sin féin, baineann cleachtais tráchtála achrannacha le gach cineál trádálaí, lena n-áirítear iad siúd nach dtagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, amhail suíomhanna gréasáin ríomhthráchtála agus seirbhísí digiteacha nach bhfuil bunaithe ar idirghabháil inneachair. Le reachtaíocht chothrománach tomhaltóirí an Aontais, soláthraítear 'líontán sábhála' do na rannpháirtithe uile sa mhargadh ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Chun a ráthú go mbeidh an líontán sábhála sin oiriúnach don ré dhigiteach, chomh maith le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an chreata dhlíthiúil atá ann cheana a áirithiú, molfaidh an Coimisiún **Gníomh um Chothroime Dhigiteach** freisin chun cosaint tomhaltóirí ar líne a neartú tuilleadh in aghaidh cleachtais amhail: patrúin dhorcha a d'fhéadfadh tionchar éagórach a imirt ar chinntí tomhaltóirí; gnéithe dearaidh andúile; cleachtais achrannacha tionchairí; pearsantú éagórach lena mbaintear leas as leochaileachtaí tomhaltóirí agus as gnéithe achrannacha i dtáirgí

[11] Mar shampla, forchuirtear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha raon leathan oibleagáidí dícheall chuí do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar líne, amhail margaí ar líne, chun sábháilteacht agus muinín úsáideoirí a fheabhsú. Ina theannta sin, cuireann sé d'oibleagáid ar ardáin an-mhór ar líne agus ar innill chuardaigh rioscaí sistéamacha a easraíonn as dearadh, feidhmiú agus úsáid a seirbhísí a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta tomhaltóirí.

digiteacha amhail na meáin shóisialta, físchluichí agus ríomhthráchtáil. Beidh an Gníomh um Chothroime Dhigiteach dírithe ar rialacha le haghaidh cuideachtaí a shimpliú chomh maith, go háirithe trí dhearcadh ar cheanglais maidir le faisnéis faoi thomhaltóirí i gcineálacha sonracha conarthaí agus in idirbhearta atriallacha leis an aon trádálaí amháin.

**Is tomhaltóirí an-leochaileach iad mionaoisigh.** Is gnách go mbíonn patrúin shonracha tomhaltais acu agus ní thógann sé i bhfad orthu glacadh le teicneolaíochtaí nua agus táirgí digiteacha, lena n-áirítear táirgí atá dírithe ar leanaí an-óg. Tá forálacha sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha cheana féin chun mionaoisigh a chosaint ar ardáin ar líne agus áirithítear leis ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála do mhionaoisigh ar na hardáin sin[12]. Mar sin féin, is ábhar imní práinneach é nochtadh leanaí do chleachtais dhíobhálacha agus gnéithe díobhálacha i dtáirgí digiteacha, do bhulaíocht ar líne, d'inneachar do dhaoine fásta, do chur chun cinn na féindíobhála, agus d'algartaim atá ceaptha chun teacht i dtír ar a leochaileachtaí agus andúil a chothú, agus ní mór grinnscrúdú breise a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún **fiosrúchán uile-Aontais ar thionchair níos leithne na meán sóisialta ar dhea-bhail daoine óga**. Cuirfidh sé **painéal saineolaithe ar leanaí agus ar na meáin shóisialta** ar bun freisin, mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen san Aitheasc ar Staid an Aontais 2025. Beidh sé d'aidhm ag an nGníomh um Chothroime Dhigiteach freisin **cosaint tomhaltóirí leochaileacha ar líne a neartú, lena n-áirítear mionaoisigh**.

Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an **Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**, lena n-áirítear rialacha chun mionaoisigh a chosaint ar inneachar díobhálach, lena n-áirítear ar líne, toirmeasc a chur ar idirdhealú, caighdeáin inneachair cháilíochtúla agus chainníochtúla a leagan síos le haghaidh cumarsáid tráchtála closamhairc chun tomhaltóirí, lena n-áirítear mionaoisigh, a chosaint, agus inrochtaineacht a chothú do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá scéimeanna **calaoise ar líne** i measc na gcoireanna is mó fás ar líne agus déanann siad dochar mór do thomhaltóirí[13]. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an **Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta** chun cosaint tomhaltóirí a neartú, lena n-áirítear trí na rialacha maidir le calaois a chosc do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus cearta aisíocaíochta tomhaltóirí ar íospartaigh calaoise íocaíochta iad a leathnú. Chun an cumas calaois ar líne a chomhrac san Aontas a neartú tuilleadh, foilseoidh an Coimisiún **plean gníomhaíochta maidir le calaois ar líne**. Ar a spriocanna beidh borradh a chur faoi bhearta coisctheacha, gníomhaíocht forfheidhmithe dlí a dhéanamh níos éifeachtaí agus tacaíocht d'íospartaigh chalaoise a neartú chun a gcistí a aisghabháil. Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún ag tógáil ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ina chuid oibre forfheidhmiúcháin chun dul i ngleic le calaois ar líne agus le camscéimeanna airgeadais, rud a áiritheoidh go dtabharfaidh ardáin ar líne agus innill chuardaigh cosaint do thomhaltóirí ar chleachtais mheabhlacha. Is cleachtas achrannach é an[14] dírlastas do

---

[12] Chun cabhrú le hardáin ar líne cosaint iomchuí mionaoiseach a chur chun feidhme, tá an Coimisiún ag obair ar réiteach bogearraí fíoraithe aoise atá láidir, lena gcaomhnaítear príobháideachas agus atá éasca le húsáid agus atá comhchuibhithe ag an Aontas, bunaithe ar theicneolaíocht Thiachóg na Céannachta Digití ón Aontas.

[13] Suirbhé 2024 ar Dhálaí Tomhaltóirí: thuairiscigh beagnach 45 % de thomhaltóirí gur tháinig siad ar chamscéimeanna ar líne.

[14] Is éard is dírlastas ann díol táirgí gan iad a bheith i stoc ag an díoltóir. Nuair a ordaíonn tomhaltóir táirge, cuireann an díoltóir an t-ordú ar aghaidh go díreach chuig an soláthróir (mórdhíoltóir nó táirgeoir), a sholáthraíonn an lóistíocht ina dhiaidh sin (seachadadh díreach chuig an tomhaltóir) agus torthaí féideartha, gan gá don díoltóir a bheith rannpháirteach.

thomhaltóirí freisin. Léirigh torthaí an tsuirbhé ar thomhaltóirí a rinneadh don tseiceáil oiriúnachta cothroime digití gur gá féachaint ar thrédhearcacht a mhéadú maidir le húsáid na samhla gnó sin[15].

Bíonn ar thomhaltóirí dul i ngleic le hiarrataí atriallacha ar thoiliú agus le meirgí neamh-thrédhearcacha fianán ar líne, rud a fhágann go mbíonn sé níos casta tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid sonraí agus a fhágann nach mbíonn rogha acu atá eolasach i ndáiríre. Leis an **togra Omnibus Digiteach**, féachann an Coimisiún le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le fianáin, agus an leibhéal céanna cosanta sonraí á chaomhnú an tráth céanna, ós rud é go gcruthaíonn an córas atá ann faoi láthair míbhuntáistí do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon.

Le **digitiú na seirbhísí airgeadais**, cuirtear réitigh bainistíochta airgeadais atá áisiúil agus costéifeachtach ar fáil do thomhaltóirí, méadaítear an rogha seirbhísí airgeadais agus feabhsaítear an nuálaíocht. Mar sin féin, cruthaíonn an digitiú deacrachtaí agus rioscaí suntasacha freisin. Mar shampla, cruthaíonn an t-aistriú chuig seirbhísí digiteacha agus dúnadh brainsí bainc fisiceacha an riosca idirdhealaithe in aghaidh tomhaltóirí a bhraitheann ar airgead tirim, a bhfuil deacracht acu taisteal go neamhspleách nó go héasca chuig an mbrainse bainc is gaire dóibh, a bhíonn ag streachailt leis an aistriú chuig seirbhísí digiteacha, nó nach bhfuil rochtain acu ar an idirlíon. In 2023, chuir an Coimisiún roinnt tograí ar aghaidh arb é is aidhm dóibh a áirithiú go nglacfar go forleathan le híocaíochtaí in airgead tirim, rochtain tomhaltóirí ar airgead tirim a fheabhsú agus cuimsiú airgeadais a chur chun cinn. I gcomhthéacs chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm na Treorach nua maidir le Creidmheas Tomhaltóirí, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an digitiú ar mhargadh na seirbhísí airgeadais miondíola, agus béim ar leith á cur ar chreidmheas tomhaltóirí. Déanfar anailís ann ar theacht chun cinn gníomhaithe, táirgí agus cleachtas nua, chomh maith leis na dúshláin agus na deiseanna a bhíonn roimh thomhaltóirí agus seirbhísí airgeadais miondíola á n-úsáid acu ar líne.

I gcomhréir leis an straitéis um an margadh aonair agus leis an bPacáiste Omnibus IV um Shimpliú, fiosróidh an Coimisiún freisin conas is féidir le réitigh dhigiteacha, e.g. lipéadú digiteach agus uirlisí digiteacha amhail feidhmchláir mhóibíleacha agus an **Pas Táirge Digiteach**, **feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis táirge agus seirbhíse do thomhaltóirí**, agus **an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí á laghdú** agus á áirithiú go mbeidh an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile, e.g. faisnéis a bhaineann le sábháilteacht táirgí, fós ar fáil i bhfoirm fhisiceach. D'fhéadfaí comhroinnt shlán éifeachtúil faisnéise faoi tháirgí idir gnólachtaí, soláthróirí, monaróirí agus rialtóirí a éascú freisin leis na **Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa** atá ar na bacáin, rud a chuirfeadh margadh aonair níos comhtháite agus níos trédhearcaí chun cinn.

Cé go bhfuil buntáistí ag baint leis an timpeallacht dhigiteach maidir le cumarsáid a dhéanamh faoi **shábháilteacht táirgí**, tá dúshláin shonracha ag baint léi freisin. D'fhéadfadh baint a bheith acu sin le díol táirgí contúirteacha ar líne nó leis na rioscaí sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear rioscaí meabhairshláinte, a bhaineann le táirgí teicneolaíochta nua. Is féidir le hinrochtaineacht faisnéise a bheith ina fadhb do dhaoine faoi mhíchumas freisin. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar leochaileachtaí sonracha tomhaltóirí i dtimpeallachtaí ar líne agus ar thionchar na leochaileachtaí sin ar shábháilteacht táirgí. Áireofar leis sin, mar shampla, anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn tomhaltóirí do rabhaidh agus treoracha sonracha sa timpeallacht dhigiteach

[15] Mheas 72 % de na freagróirí go raibh fadhbanna ag baint leis an easpa trédhearcachta maidir le dírlastas.

agus ar an tionchar a bhíonn ag rioscaí sábháilteachta nua ar thomhaltóirí agus táirgí digiteacha éagsúla á n-úsáid acu, amhail aipeanna nó bogearraí.

Príomhdhúshlán eile is ea forbairt agus cur in úsáid tapa na **hintleachta saorga i margaí tomhaltóirí.** Is féidir buntáistí a bheith ag baint le teicneolaíocht IS, amhail éifeachtúlacht níos fearr, comhairle phearsantaithe agus idirghníomhaíochtaí custaiméirí, agus coigilteas costais. Ach tá rioscaí ag baint léi freisin, lena n-áirítear idirghníomhaíocht dhaonna laghdaithe agus fadhbanna a eascraíonn as teipeanna, claontacht nó míchruinneas córais. Le **Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga**, bunaíodh creat láidir chun a áirithiú go bhfuil na córais intleachta saorga a fhorbraítear agus a úsáidtear san Aontas iontaofa, agus coimircí ann chun cearta bunúsacha daoine a chosaint[16]. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú comhsheasmhach an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus na ndlíthe ábhartha maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí a áirithiú. Déanfar an liosta de chleachtais intleachta saorga thoirmiscthe faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga a athbhreithniú go bliantúil agus a thabhairt cothrom le dáta má shainaithnítear fadhbanna nua. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh an creat cosanta tomhaltóirí cos le forbairtí teicneolaíochta agus go mbeidh faisnéis thrédhearcach ag tomhaltóirí agus iad ag idirghníomhú leis an intleacht shaorga (e.g. le linn do thacaíocht seirbhíse do chustaiméirí atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga a bheith á húsáid acu nó faisnéis agus comhairle á lorg acu ó chúntóirí intleachta saorga), ionas go mbeidh siad ar an eolas go hiomlán faoi chineál na hidirghníomhaíochta agus faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann[17].

<u>Gníomhaíochtaí</u>

- **Gníomh um Chothroime Dhigiteach** a mholadh chun dul i ngleic le teicnící éagóracha agus cleachtais tráchtála éagóracha i leith tomhaltóirí, lena n-áirítear mionaoisigh go háirithe, agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do thrádálaithe sa timpeallacht dhigiteach (togra reachtach — R4 2026).
- Cosaint tomhaltóirí ar **chalaois ar líne** a threisiú, go háirithe trí bhearta coisctheacha ar líne a neartú agus trí thacaíocht d'íospartaigh chalaoise a neartú chun a gcistí a aisghabháil (2026).
- Úsáid chothrom thrédhearcach na **hintleachta saorga a chothú i margaí tomhaltóirí**, go háirithe trí chur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus na reachtaíochta ábhartha maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí (idir lámha).

## 3. TOMHALTAS INBHUANAITHE

Tá athrú aeráide, díghrádú comhshaoil agus aistriú glan fós ar chuid de na príomhdhúshláin atá roimh thomhaltóirí agus roimh an tsochaí ina hiomláine. Tá méadú ag teacht ar an bhfeasacht agus ar an spéis atá ag tomhaltóirí i dtionchair chomhshaoil agus shóisialta a

[16] Mar shampla, leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear toirmeasc ar chleachtais ardriosca áirithe a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thomhaltóirí, amhail córais intleachta saorga a úsáid le haghaidh scóráil shóisialta, ionramháil dhíobhálach agus meabhlaireacht. Bunaítear leis freisin oibleagáidí trédhearcachta, amhail lipéadú soiléir ar inneachar a ghintear leis an intleacht shaorga.

[17] Is féidir le héiginnteachtaí dlíthiúla, mar shampla maidir leis an méid a tharlaíonn le torthaí neamhbheartaithe conarthaí arna dtabhairt i gcrích leis an intleacht shaorga, agus rialú teoranta ar ghníomhaíochtaí cúntóra dhigitigh, bac a chur ar rolladh amach samhlacha gnó nuálacha chun dochair do thomhaltóirí na hEorpa. Rannchuidigh an Coimisiún le Dlí Eiseamláireach 2024 na Náisiún Aontaithe maidir le Conraitheoireacht Uathoibrithe a fhorbairt, lena léirítear conas éiginnteachtaí den sórt sin a réiteach.

gcinntí ceannaigh, agus dá bhrí sin is iad a spreagann fás inbhuanaithe, toisc go gcruthaíonn a n-éileamh ar tháirgí freagracha margaí tosaigh le haghaidh táirgí glasa atá freagrach go sóisialta. Tá earraí agus seirbhísí inbhuanaithe inacmhainne agus atá ar fáil lárnach ní hamháin d'fholláine tomhaltóirí agus do chosaint an chomhshaoil, ach d'iomaíochas fadtéarmach agus do cheannasacht straitéiseach na hEorpa freisin, toisc go laghdaíonn siad an spleáchas ar allmhairí neamh-inbhuanaithe agus go gcuidíonn siad le slabhraí luacha athléimneacha a thógáil. Ní hionann rogha a dhéanamh táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe a cheannach agus níos mó airgid a íoc: maireann roghanna inbhuanaithe níos faide, ní gá iad a ionadú chomh minic céanna, agus ní chosnaíonn sé an oiread iad a rith. Tá an chuid is mó de thomhaltóirí na hEorpa toilteanach roghanna inbhuanaithe a dhéanamh[18], ach is minic a bhíonn bacainní rompu maidir le roghanna atá inbhuanaithe i ndáiríre a roghnú, amhail praghas, rogha theoranta, lipéadú doiléir agus dorochtana, agus mímhuinín as maímh chomhshaoil[19]. Spreagann infhaighteacht fhorleathan táirgí saora ar chaighdeán íseal ró-thomhaltas in earnálacha amhail mearfhaisean agus leictreonaic, rud a bhaineann an bonn den inbhuanaitheacht agus a chreimeann iomaíochas agus bonn tionsclaíoch na hEorpa. Spreagann an borradh ar cheannacháin ar líne rátaí fillte níos airde, astaíochtaí iompair agus dramhaíl.

Ionas gurb iad táirgí inbhuanaithe an norm, is é is aidhm don **Rialachán nua maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe** feabhas a chur ar mharthanacht, indeisitheacht agus an tionchar atá ag raon leathan táirgí ar an gcomhshaol a laghdú, amhail teicstílí, troscán agus feistí leictreonacha. Mar shampla, tabharfaidh sé isteach ceanglais maidir le díchóimeáil táirgí, maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha agus maidir le nuashonruithe bogearraí[20]. Leis an **Treoir nua maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn** (an 'ceart chun deisiúcháin'), ceanglaítear ar mhonaróirí seirbhísí deisiúcháin a thairiscint le haghaidh táirgí lena ngabhann ceanglais indeisitheachta atá sainordaithe go dlíthiúil, agus déantar foráil maidir le **hardán Eorpach ar líne a chruthú le haghaidh deisiúcháin**. Leis **an Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas**, foráiltear d'fhógra comhchuibhithe maidir leis an ráthaíocht dhlíthiúil agus lipéad comhchuibhithe le haghaidh ráthaíocht tráchtála um marthanacht. Arna ghlacadh in 2025, díreoidh an Coimisiún ar a n-úsáid cheart agus a n-infheictheacht cheart a chur chun cinn ar fud an mhargaidh aonair, rud a chuideoidh le tomhaltóirí tuiscint níos fearr a fháil ar a gcearta agus roghanna níos eolasaí agus níos dírithe ar mharthanacht a dhéanamh. Comhlánóidh an **Pas Táirge Digiteach** agus an **lipéadú inbhuanaitheachta**[21] caighdeáin agus faisnéis táirgí. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún feabhas a chur ar lipéid fuinnimh, rud a chuirfidh ar a gcumas do thomhaltóirí comparáid níos fearr a dhéanamh idir éifeachtúlacht na dteicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe.

Cuireadh reachtaíocht nua i bhfeidhm freisin chun muinín tomhaltóirí as maímh chomhshaoil agus lipéid inbhuanaitheachta a mhéadú. Leis an Treoir nua maidir le

[18] Eorabharaiméadar 2022 (SP527): Braitheann 77 % de mhuintir na hEorpa go bhfuil sé d'fhreagracht orthu gníomhú chun an t-athrú aeráide a theorannú.
[19] Suirbhé 2024 ar Dhálaí Tomhaltóirí: Dúirt 67 % de thomhaltóirí an Aontais gur chuir costas táirgí inbhuanaithe cosc orthu ceannach. Thuairiscigh 62 % díobh mearbhall maidir le roghanna inbhuanaithe a shainaithint agus maidir le mímhuinín as faisnéis faoin gcomhshaol a shainaithint. Léirigh Scuab-imscrúdú CPC 2025 go bhféadfadh cuid mhór de mhaímh chomhshaoil na dtrádálaithe athláimhe ar líne a bheith míthreorach.
[20] Féach Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus Lipéadú Fuinnimh 2025-2030;
[21] Mar atá beartaithe faoin Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus faoi reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais lena n-áirítear gluaisteáin, teicstílí agus sórtáil dramhaíola.

**tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas**, tugtar aghaidh ar an nglas-snasú agus ar dhífheidhmeacht roimh am. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gnólachtaí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é. Leanfaidh an Coimisiún de na hiarrachtaí ar fheasacht tomhaltóirí agus glacadh an tionscail le **hÉicilipéad AE** a chur chun cinn.

Thairis sin, leis an togra atá ar na bacáin le haghaidh **Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach**, cuideofar le héileamh an mhargaidh ar amhábhair thánaisteacha a chruthú agus le soláthar ábhar athchúrsáilte ar ardchaighdeán a mhéadú. Agus an creat reachtach sin á chomhlánú ag an gCoimisiún, oibreoidh sé le páirtithe leasmhara chun samhlacha táirge mar sheirbhís agus gnólachtaí nuathionscanta ciorclacha nuálacha a chur chun cinn trí threoirlínte agus feachtais feasachta. agus é ag tógáil ar an staidéar ón gCoimisiún atá ann cheana faoin Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, cumhdófar an méid seo a leanas le tuilleadh oibre: (i) bacainní sóisialta agus iompraíochta ar mhuinín tomhaltóirí as roghanna ciorclacha; agus (ii) dúshláin sábháilteachta táirgí maidir le táirgí athláimhe, deisithe, athchóirithe agus athmhonaraithe. Dá bhrí sin, cuirfear deireadh de réir a chéile leis an ngealltanas maidir le tomhaltas inbhuanaithe, rud a réiteoidh an bealach do chur chuige nua chun dul i dteagmháil le gnólachtaí. Chomh maith leis sin tacóidh an Coimisiún le huas-scálú réiteach inbhuanaithe bithbhunaithe, i gcás ina gcuirfidh siad táirgí agus ábhair mharthanacha ar fáil agus iomaíocht agus slabhra luacha na hEorpa a láidriú.

Chun a áirithiú go mbeidh táirgí sábháilte agus inbhuanaithe, tá gá freisin le gníomhaíocht chun nochtadh tomhaltóirí do cheimiceáin ar údair imní iad a laghdú. Mar chuid de **phlean gníomhaíochta thionscal ceimiceán na hEorpa,** breithneoidh an Coimisiún toirmeasc a chur ar **PFAS** (substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile) in úsáidí tomhaltóirí amhail cosmaidí, ábhair teagmhála bia agus éadaí amuigh faoin aer. Ina theannta sin, faoin Rialachán nua maidir le Creat i leith Pacáistíochta agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, cuirfidh an tAontas deireadh de réir a chéile le substaintí guaiseacha amhail PFAS i bpacáistíocht. Leagfar síos leis freisin rialacha comhchuibhithe maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a dhéanann tomhaltóirí a sórtáil agus maidir le faisnéis a sholáthar trí theicneolaíochtaí digiteacha.

agus é ag tógáil ar an Teachtaireacht maidir le bosca uirlisí cuimsitheach le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe, féachfaidh an Coimisiún ar an ngá atá le **Moladh maidir le gnéithe 'glas trí dhearadh' sa ríomhthráchtáil** chun dul i ngleic níos mó le tionchar na hearnála sin ar an gcomhshaol. Chumhdófaí leis sin gnéithe amhail infhaighteacht scagairí inbhuanaitheachta, roghanna seachadta níos glaise, agus beartais inbhuanaithe maidir le bainistiú ar fhilleadh. Féadfar cairteacha deonacha comhshaoil a áireamh ann freisin, faoina ngeallann cuideachtaí spriocanna inbhuanaitheachta sonracha a bhaint amach. Spreagfar forbairt agus úsáid **uirlisí digiteacha** príobháideacha chun cabhrú le tomhaltóirí roghanna eolasacha inbhuanaithe a dhéanamh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin éicilipéid idirghníomhacha lena mínítear raon feidhme na ndeimhnithe, agus comparáidí idir gnéithe inbhuanaitheachta táirgí agus d'fhéadfaí iad a chomhtháthú sa Phas Táirge Digiteach.

Is é an t-iompar an tríú réimse caiteachais is mó atá ag teaghlaigh na hEorpa[22]. Leis an aistriú chuig modhanna soghluaisteachta inbhuanaithe, lena n-áirítear gluaisteáin leictreacha, iompar poiblí agus rothair, is féidir méideanna móra airgid a shábháil do thomhaltóirí, agus cothroime shóisialta a mhéadú agus, an tráth céanna, rannchuidiú leis

[22] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/w/ddn-20230104-1.

an sprioc maidir le dícharbónú[23], i gcomhréir leis an **Moladh maidir le bochtaineacht iompair** agus leis an **bplean gníomhaíochta mótarfheithicl**. Chun an t-aistriú sin a bheith inacmhainne, tá an t-aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha á gcur chun cinn ag an gCoimisiún faoin b**plean gníomhaíochta mótarfheithiclí** seo agus faoin athbhreithniú atá beartaithe ar an **Treoir maidir le Lipéadú Gluaisteán**. Comhlánaítear é sin leis an éileamh ar ghluaisteáin bheaga leictreacha faoi **thionscnamh nua maidir le gluaisteáin bheaga inacmhainne**, a fhorbrófar i gcomhar leis an tionscal. Comhlánófar na gníomhaíochtaí sin le gníomhaíochtaí na mBallstát ina bpleananna náisiúnta faoin g**Ciste Aeráide Sóisialta**. Tá caiteachas a bhaineann le fuinneamh fós i bhfad os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID, rud a bhfuil fadhbanna ar leith ag baint leis do níos mó ná 46 mhilliún Eorpach atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Glacfaidh an Coimisiún **Pacáiste Fuinnimh na Saoránach** arb é is aidhm dó dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, margaí fuinnimh a shimpliú, agus rannpháirtíocht na saoránach a chumhachtú chun aistriú fuinnimh cóir, inacmhainne agus cuimsitheach a áirithiú do chách.

Is géarchéim shóisialta agus iomaíochais í an ghéarchéim tithíochta. Bíonn tionchar díréireach aige ar dhaoine óga agus ar na daoine is leochailí inár sochaí, ach freisin ar dhaoine atá ar ioncam íseal nó ar mheánioncam agus dá dteaghlaigh. Cuirfidh an Coimisiún **plean Eorpach um thithíocht inacmhainne** i láthair ina leagfar amach fís Eorpach chun an tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne agus níos inbhuanaithe. Beidh ról tábhachtach ag an Bauhaus Nua Eorpach sa phlean. Sa chomhthéacs sin, tacóidh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit a n-infheistíochtaí beartais chomhtháthaithe 2021-2027 a mhéadú chun an stoc tithíochta a thógáil agus a athchóiriú, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tomhaltóirí, chun billí fuinnimh a ísliú, chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú chun costais eile a bhaineann le tithíocht, amhail uisce, a laghdú.

Caitheann teaghlaigh san Aontas 13 % ar an meán dá n-ioncam ar bhia, agus caitheann an cúigiú cuid is boichte suas le 21 %, i gcomparáid le 9 % don chúigiú cuid is saibhre. Tacaíonn **Ciste Sóisialta na hEorpa+** leis na Ballstáit cúnamh a chur ar fáil do na daoine is díothaí. Déanfaidh an Coimisiún staidéar freisin ar inacmhainneacht bia san Aontas chun tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar an mhéadaithe ar phraghsanna bia san Aontas agus chun dul i ngleic leis, lena n-áirítear a dtionchar ar bhia sláintiúil agus cothaitheach.

Tá an tsláinte phoiblí mar bhonn agus mar thaca ag obair an Choimisiúin chun na **díobhálacha a bhaineann le húsáid tobac a laghdú**. Tá meastóireacht chuimsitheach á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar na rialacha maidir le táirgí tobac agus fógraíocht tobac.

Tá na bearta sláinte poiblí agus na bearta cothroime sóisialta sin fite fuaite le hiarrachtaí níos leithne an Aontais córais bhia inbhuanaithe a thógáil, é a chur ar chumas tomhaltóirí roghanna inbhuanaithe a dhéanamh agus úsáid fhreagrach uisce a spreagadh, mar a léirítear san **Fhís le haghaidh Bia agus Talmhaíochta** a glacadh le déanaí, sa **Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan** agus sa **straitéis athléimneachta uisce**. Leis an **Treoir maidir le Creat Dramhaíola** athbhreithnithe, leagadh síos **spriocanna maidir le cur amú bia a laghdú** agus tugadh isteach 'freagracht leathnaithe táirgeora' le haghaidh teicstílí. Cuirfidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí faisnéis ar fáil maidir le roghanna athláimhe,

[23] Thug samhail an Loirg Tomhaltais aghaidh ar an difríocht sna tionchair chomhshaoil idir spriocanna straitéise soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste a bhaint amach (i.e. gluaisteáin leictreacha a leathnú) i gcomparáid le gnáthghluaisteáin bhreosla faoi 2030. Pasqualino et al, Consumption Footprint and Domestic Footprint Outlook Report 2025 [Tuarascáil Ionchais maidir le Lorg Tomhaltais agus Lorg Intíre 2025], JRC139655.

athúsáid agus bainistiú deireadh ré teicstílí agus coisbhirt, chomh maith le cláir oideachais, feachtais múscailte feasachta, agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail a eagrú.

Gníomhaíochtaí

- Tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i g**cur chun feidhme** na Treorach maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas, an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus na Treorach maidir le rialacha comhchoiteanna chun deisiú earraí a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - an **fógra comhchuibhithe** maidir leis an ráthaíocht tráchtála um marthanacht agus **lipéad comhchuibhithe** maidir leis an ráthaíocht tráchtála inbhuanaitheachta a chur chun cinn (R3 2026); agus
    - **ardán Eorpach deisiúcháin ar líne** a sheoladh (faoi 2028).
- Tacaíocht a thabhairt don **gheilleagar ciorclach**, go háirithe trí dhea-chleachtais a mhalartú le páirtithe leasmhara chun earraí a thugann tomhaltóirí ar ais nach n-úsáidtear a thuilleadh, margaí athláimhe, samhlacha gnó táirge mar sheirbhís agus gnólachtaí nuathionscanta ciorclacha nuálacha (2027) a chur chun cinn.
- Féachaint ar an ngá atá le Moladh maidir le **gnéithe 'glas trí dhearadh' a chothú sa ríomhthráchtáil** agus forbairt uirlisí digiteacha agus a n-úsáid a spreagadh (2027).

## 4. FORFHEIDHMIÚ AGUS SÁSAMH ÉIFEACHTACH

Ní éireoidh le creat cosanta tomhaltóirí an Aontais i ndáiríre tomhaltóirí a chosaint agus iomaíocht chóir a chothú ach amháin má thacaíonn forfheidhmiú láidir poiblí agus príobháideach leis, agus sásraí éifeachtacha sásaimh do thomhaltóirí ar sáraíodh a gcearta. Cé gur éirigh go maith le comhar trasteorann an Aontais maidir le forfheidhmiú poiblí le blianta beaga anuas, ní mór sásraí forfheidhmiúcháin a neartú tuilleadh chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua go héifeachtúil agus go héifeachtach. Go háirithe, tá rátaí comhlíontachta fós an-íseal sna margaí digiteacha, agus fuarthas amach le scuab-imscrúduithe go bhfuil, ar an meán, trádálaí amháin as gach beirt ag sárú na reachtaíochta maidir le tomhaltóirí. Tá an staid níos measa mar gheall ar fhás easpónantúil na ríomhthráchtála, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar chúrsaíocht táirgí neamhshábháilte, góchumtha nó neamhchomhlíontacha ar bhealach eile, ar táirgí iad a thagann ó lasmuigh den Aontas den chuid is mó[24] agus a mhargaítear go minic trí úsáid a bhaint as teicnící míthreoracha. Cuireann sé sin tomhaltóirí i mbaol agus cuireann sé gnólachtaí Eorpacha comhlíontacha i mbaol iomaíocht éagórach ó thrádálaithe neamhchomhlíontacha.

Chun freagairt do na dúshláin sin, chuir an Coimisiún sraith gníomhaíochtaí i láthair ina Theachtaireacht maidir le bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais le haghaidh ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe, lena n-áirítear athchóiriú custaim; forfheidhmiú reachtaíocht ábhartha an Aontais a neartú; agus comhordú a fheabhsú i measc na n-údarás ábhartha uile. Áirítear ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe freisin tacú le feachtais

[24] Tháinig méadú 52 % ar an líon táirgí contúirteacha ar tugadh fógra fúthu i gcóras mear-rabhaidh Safety Gate an Aontais ó 2019, agus dlús á chur leis an treocht (+ 61 %) in 2024. Is ó lasmuigh den Aontas a thagann suas le 75 % de na táirgí contúirteacha, agus baineann thart ar 50 % de na foláirimh sin le táirgí contúirteacha a thagann ón tSín.

múscailte feasachta do thomhaltóirí agus do dhíoltóirí tríú páirtí, agus leanúint den chomhar déthaobhach le tíortha bunáitíochta earraí allmhairithe.

Is tosaíocht thábhachtach é tacú le húdaráis náisiúnta cosanta tomhaltóirí gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh chun dlí tomhaltóirí a fhorfheidhmiú faoin **Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí**, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe in earnáil na ríomhthráchtála. Tháinig torthaí dearfacha as gníomhaíocht chomhordaithe an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, ach cuireann easnaimh sa chóras atá ann faoi láthair bac ar fhorfheidhmiú níos éifeachtaí. Mar shampla, le nósanna imeachta fada, easpa acmhainní ar an leibhéal náisiúnta, easpa bearta díspreagthacha níos láidre, amhail an cumas fíneálacha a fhorchur, agus deacrachtaí maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe arna ndéanamh ag trádálaithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas, laghdaítear éifeachtúlacht agus éifeacht dhíspreagthach ghníomhaíochtaí an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí[25]. Chun forfheidhmiú a neartú agus cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí a thugann cosaint do thrádálaithe comhlíontacha agus a thugann cosaint do thomhaltóirí ar ghníomhaithe margaidh nach n-urramaíonn na rialacha, **molfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí**. Agus an t-athbhreithniú á ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá leis an imscrúdú láraithe cumhachtaí forfheidhmiúcháini gcásanna sonracha agus ar an gcaoi le comhordú i measc na n-údarás náisiúnta a neartú a thuilleadh.

Mar a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht maidir le ríomhthráchtáil, tá sé ríthábhachtach an **Rialachán nua maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí** a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar tháirgí contúirteacha agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí. Tá na sásraí nua faireachais margaidh dá bhforáiltear sa Rialachán curtha ar bun ag an gCoimisiún cheana féin, amhail seiceálacha comhuaineacha ar shuíomhanna gréasáin chun sáruithe ar dhlí an Aontais a shainaithint ('scuab-imscrúduithe'), a dhéanann údaráis náisiúnta faireachais margaidh agus a chomhordaíonn an Coimisiún. Tharla an chéad scuab-imscrúdú sábháilteachta táirgí ar leibhéal an Aontais, inar díríodh ar tháirgí cúraim leanaí a dhíoltar ar líne, i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2025[26]. agus é ag tógáil ar an taithí sin, leanfaidh an Coimisiún ag obair leis an Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí chun acmhainní a chomhthiomsú, faisnéis a mhalartú agus tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí faireachais chun díriú go héifeachtach ar na táirgí is díobhálaí. Féachfaidh sé freisin le hacmhainneachtaí níos láidre a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme rialacha maidir le sábháilteacht táirgí trí **Ghníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí (CASP)** a mhaoiniú agus trí uirlisí a chur chun cinn a chuidíonn le tomhaltóirí agus le gnólachtaí fadhbanna sábháilteachta táirgí, tionóiscí agus táirgí contúirteacha a thuairisciú. I measc na n-uirlisí sin tá an **Tairseach maidir le Sábháilteacht Tomhaltóirí** agus an **Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht**. Le nuashonruithe tráthrialta ar an **Tairseach Safety Gate**, áiritheofar go mbeidh rochtain ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis ábhartha uile faoi na rialacha maidir le sábháilteacht táirgí. Tá treoirlínte sonracha á soláthar ag an gCoimisiún freisin **d'oibreoirí**

[25] Féach: Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.
[26] Ní raibh an fhaisnéis is gá maidir le monaróir an táirge ag leath de na liostuithe táirgí.

**eacnamaíocha**[27] maidir le conas a n-oibleagáidí faoin Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a chomhlíonadh, agus béim ar leith á cur ar riachtanais na n-oibreoirí a cháilíonn mar FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair.

Comhlánóidh na hiarrachtaí sin an **Gníomh Eorpach um Tháirgí** atá ar na bacáin, trí naisc a neartú idir seiceálacha comhréireachta measúnúcháin agus faireachas margaidh, agus b'fhéidir caighdeánú. Chuige sin, fiosróidh an Coimisiún freisin conas is féidir le **cuimsitheacht i ndearadh táirgí** cuidiú le rioscaí sábháilteachta a chosc agus tacú le hobair **chaighdeánaithe** chun uirlisí praiticiúla le haghaidh forfheidhmiú agus cosaint tomhaltóirí a dhéanamh de cheanglais sábháilteachta dlíthiúla[28]. Leis an nGníomh Eorpach um Tháirgí, treiseofar na rialacha maidir le táirgí tomhaltais a chur ar an margadh agus tabharfar cothrom le dáta na **rialacha maidir le faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí**. Cuirfidh an t-athbhreithniú sin deis ar fáil freisin chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh gníomhaíochta chun forfheidhmiú sábháilteachta táirgí a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe maidir le hallmhairí ó lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear trí ríomhthráchtáil.

Tá coinne leis freisin go rachaidh cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an **Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí** chun tairbhe do ghnólachtaí agus d'údaráis náisiúnta. Le deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe agus leis an simpliú ar chur chun feidhme na gceanglas ginearálta maidir le sábháilteacht táirgí, laghdófar na costais chomhlíontachta ar ghnólachtaí. Cruthaíonn córas comhchuibhithe faireachais margaidh do gach táirge, atá cuíchóirithe leis an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, sineirgí d'údaráis náisiúnta faireachais margaidh freisin. Trí úsáid fheabhsaithe a bhaint as uirlisí TF agus trí idir-inoibritheacht sonraí a neartú le haghaidh tuairisciú agus faireachas margaidh araon, laghdófar an t-ualach ar údaráis agus ar ghnólachtaí agus cuirfear ar a gcumas do na húdaráis forfheidhmithe a gcúraimí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. In 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme praiticiúil an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí le gnólachtaí chun féachaint ar an gcaoi a gcuireann siad an Rialachán i bhfeidhm agus cé acu atá nó nach bhfuil gá cuidiú leo a bheith comhlíontach go héasca.

Tá comhordú agus comhar níos dlúithe idir údaráis forfheidhmithe ó réimsí éagsúla ag éirí níos tábhachtaí de réir mar a thagann cleachtais neamhdhleathacha cuideachtaí faoi shainchúram dlíthe agus córais forfheidhmithe iomadúla an Aontais níos mó agus níos mó. Faoi láthair, tá raon comhair den sórt sin ann idir chomhaontuithe i scríbhinn go tascfhórsaí agus tionscadail chomhpháirteacha eile. Cuirfidh an Coimisiún tuilleadh **comhair chun cinn idir comhlachtaí agus líonraí forfheidhmiúcháin ar leibhéal an Aontais** chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas a áirithiú i measc na sruthanna forfheidhmiúcháin éagsúla. Mar shampla, comhlánaíonn forfheidhmiú dhlí tomhaltóirí cur i bhfeidhm na rialachán digiteach, mar a léirítear leis na gníomhaíochtaí comhordaithe

[27] C(2025) 7699 — Fógra ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm chreat reachtach ginearálta an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí ag gnólachtaí; agus C(2025) 7701- Fógra ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le cur chun feidhme praiticiúil na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht faoi Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2023/988.

[28] Go háirithe, leis an gcuimsitheacht, ní mór breithniú córasach a dhéanamh ar raon leathan sonraí antrapaiméadracha a léiríonn éagsúlacht na dtomhaltóirí, ní hamháin ar an meánleibhéal, chomh maith le tosca a dhéanann difear do shaol tomhaltóirí atá i staid leochaileach, lena n-áirítear i gcaighdeáin Eorpacha ábhartha, agus réitigh inrochtana a chur chun feidhme do dhaoine faoi mhíchumas.

CPC in 2024-2025 agus le himscrúduithe comhthreomhara an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ghnímh um Margaí Digiteacha ar chleachtais na mórardán ar líne.

Tá sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear **uirlisí intleachta saorga**, ag éirí níos tábhachtaí freisin chun anailís a dhéanamh ar chomhlíonadh gnó agus chun forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú. Tá siad in úsáid cheana féin ag údaráis forfheidhmithe le haghaidh rúnsiopadóireacht, faireachas margaidh ar shábháilteacht táirgí, calaois a bhrath, faireachán a dhéanamh ar phraghsanna, agus téarmaí éagóracha conartha agus léirmheasanna bréige a bhrath. Mar shampla, tacaíonn **eLab an Aontais** leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí lena imscrúduithe agus le scuab-imscrúduithe tráthrialta ar an suíomh gréasáin, agus braitheann an **ransaitheoir gréasáin ríomhfhaireachais** táirgí neamhshábháilte ar tugadh fógra ina leith trí Safety Gate ach atá fós ar díol nó atá ar taispeáint i siopaí gréasáin agus i margaí ar líne. Tá ransaitheoir gréasáin den chineál céanna, **an Uirlis um Fhaire na hIntleachta Saorga ar Chearta Paisinéirí**, á fhorbairt do chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta chun faireachán a dhéanamh orthu maidir le cearta paisinéirí agus beidh sé ar fáil in 2026. Tá an Coimisiún ag obair freisin chun feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na sonraí táirgí atá ann cheana maidir le faireachas margaidh agus tacóidh sé le húdaráis tomhaltóirí agus faireachais margaidh maidir le húsáid straitéiseach uirlisí intleachta saorga ina gcuid oibre forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear trí shineirgí a lorg idir uirlisí a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta agus uirlisí a fhorbraítear ar leibhéal an Aontais agus trí oiliúint a chur ar fhoireann forfheidhmithe.

Mar sin féin, níl san fhorfheidhmiú ach taobh amháin den scéal. Má tá rialacha le hurramú sa chleachtas, ní mór do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí. Feachtais spriocdhírithe **feasachta agus oideachais**; uirlisí amhail an Mol Oideachais do Thomhaltóirí agus GreenComp (an creat Eorpach um inniúlacht inbhuanaitheachta); tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn leis an oideachas scoile; cláir **oiliúna** amhail Réidh do Dhlí na dTomhaltóirí; agus beidh tionscnaimh um **chomhar deonach** amhail an Gealltanas um Chosaint Tomhaltóirí, fós ina gcomhlánú tábhachtach ar ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin. Leanfaidh an Coimisiún freisin ag spreagadh gnólachtaí chun gealltanais dheonacha a thabhairt maidir le barr feabhais agus nuálaíocht ar mhaithe le hardleibhéal sábháilteachta do thomhaltóirí, go háirithe trína Ghradam débhliantúil an Aontais um Shábháilteacht Táirgí.

Fiú le feasacht níos fearr agus forfheidhmiú níos láidre, is cinnte go dtiocfaidh díospóidí chun cinn. Dá bhrí sin, díreofar freisin ar shásamh éifeachtach a áirithiú tríd an **Treoir athbhreithnithe maidir le Réiteach Malartach Díospóidí**, an **Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha** a chur chun feidhme agus, i gcás na gcásanna sin ina ndéanann táirge lochtach dochar do dhaoine aonair, an **Treoir maidir le Dliteanas Táirgí** arna hathbhreithniú. Go háirithe, leanfaidh an Coimisiún ag tabhairt tacaíochta d'eagraíochtaí tomhaltóirí, do chomhaltaí de na breithiúna agus do Phointí Teagmhála Náisiúnta, chun caingne ionadaíocha a bhainistiú go héifeachtach faoin Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha. Cuirfear an tacaíocht sin ar fáil, mar shampla, trí dheontais ghníomhaíochta arna gcistiú ag an Aontas, seimineáir agus an Mol Eolais idirghníomhach ar ardán EC-REACT. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán freisin ar chur chun feidhme fhorálacha sonracha na Treorach maidir le Caingne Ionadaíocha lena rialaítear cistiú tríú páirtí. Mar a cheanglaítear leis an Treoir, déanfaidh an Coimisiún measúnú, tráth nach déanaí ná 2028, ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le hOmbudsman AE le haghaidh caingne ionadaíocha trasteorann. Ina dhiaidh sin, déanfar meastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmiú na Treorach.

Nuair a bhíonn fadhbanna ag tomhaltóirí le hidirbhearta trasteorann, is féidir leo dul i muinín líonra na **Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC-Net)** freisin chun comhairle agus tacaíocht dlí saor in aisce a fháil[29]. Leanfaidh an Coimisiún ag tabhairt tacaíocht láidir do ECC-Net chun cabhrú le Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí chun a gcumas comhairle agus cúnamh a thabhairt do thomhaltóirí a chomhdhlúthú tuilleadh.

Comhlánófar na bearta sin le gníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta. I ngach comhaontú trádála déthaobhach nua, leanfaidh an tAontas d'fhorálacha a dhaingniú maidir le sábháilteacht táirgí agus comhar faireachais margaidh, chomh maith le gealltanais lena neartaítear muinín tomhaltóirí sa trádáil dhigiteach, lena n-áirítear cosaint éifeachtach do thomhaltóirí atá rannpháirteach sa ríomhthráchtáil. A luaithe a chomhtháthófar é i gcreat dlíthiúil EDT, beidh **Comhaontú Iltaobhach Ríomhthráchtála EDT** ar an gcéad chomhaontú trádála ina gcuimsítear gealltanais den sórt sin ar scála domhanda.

Leanfaidh an tAontas ag comhoibriú agus ag malartú sonraí go tráthrialta trí **Safety Gate** le tíortha nach bhfuil san Aontas, amhail an tSín. I gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, oibreoidh sé freisin leis an Ríocht Aontaithe chun socrú tráthrialta a chur ar bun chun faisnéis faoi tháirgí contúirteacha neamhbhia a mhalartú idir Safety Gate agus Bunachar Sonraí coibhéiseach um Shábháilteacht Táirgí na Ríochta Aontaithe. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas ag tabhairt tacaíochta do ghníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna do mhonaróirí nach monaróirí de chuid an Aontais iad agus do ghníomhaithe eile sa slabhra soláthair, chun cabhrú leo rialacha an mhargaidh aonair maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí a thuiscint. Mar shampla, rannchuideoidh tionscadal de chuid an Aontais le tacú le beartais cosanta tomhaltóirí agus sábháilteachta táirgí sa Chómhargadh d'Oirthear agus do Dheisceart na hAfraice (COMESA). Ar an leibhéal iltaobhach, tar éis ghlacadh **Phrionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí Tomhaltais**, tacóidh an Coimisiún Eorpach lena gcur chun feidhme trí chúnamh a thabhairt do UNCTAD treoirlínte agus lámhleabhar a tharraingt suas maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais agus trí thionscadail fothaithe acmhainneachta arna maoiniú ag an Aontas, amhail an clár um Iomaíocht agus Sábháilteacht Táirgí Tomhaltais san Afraic Fho-Shahárach.

Gníomhaíochtaí

- Athbhreithniú ar **an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí** a mholadh (togra reachtach — R4 2026).
- Tacú le gníomhaíochtaí comhordaithe forfheidhmiúcháin an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí chun dul i ngleic le sáruithe forleathana ar dhlí tomhaltóirí an Aontais (ar siúl faoi láthair).
- Moltar sa Straitéis um an Margaidh Aonair gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun cur le comhlíontacht táirgí trí leas a bhaint as sineirgí le hacmhainneachtaí **údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh an Aontais agus na mBallstát** agus, b'fhéidir, trí Údarás um Fhaireachas Margaidh de chuid an Aontais a bhunú.
- Na rialacha maidir le **faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí** a thabhairt cothrom le dáta, mar chuid den **Ghníomh Eorpach um Tháirgí**, chun

[29] In 2024, ghnóthaigh Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí breis agus EUR 7.5 milliún in aisíocaíochtaí do thomhaltóirí.

éifeachtúlacht fhorfheidhmiú an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí a fheabhsú tuilleadh (togra reachtach - R3 2026), go háirithe maidir le hallmhairí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear trí ríomhthráchtáil.

- Cur chun feidhme na **Treorach maidir le Caingne Ionadaíocha** a neartú trí thacaíocht bhreise a thabhairt d'eagraíochtaí tomhaltóirí, do chomhaltaí na mbreithiúna agus d'údaráis náisiúnta (idir lámha).
- Úsáid na hintleachta saorga i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe agus faireachais margaidh a uasmhéadú, mar shampla sna **himscrúduithe digiteacha eLab** agus sa **bhosca uirlisí digiteach le haghaidh faireachas margaidh ar shábháilteacht táirgí** (faoi 2027).
- Tacú le **gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna** do mhonaróirí tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus do ghníomhaithe eile sa slabhra soláthair (ar siúl faoi láthair).

## 5. RIALACHAS AGUS COMHAR LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Chun a chuspóirí a bhaint amach agus chun dul i ngleic le haon fhadhbt atá ag teacht chun cinn, ní mór creat rialachais an Chláir Oibre a bheith **cuimsitheach, trédhearcach agus dinimiciúil.**

Féachfaidh an Coimisiún le plé tráthrialta a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle, le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre, a rialófar trí na hardáin atá ann cheana le haghaidh idirghníomhaíocht le páirtithe leasmhara. Tugann na hardáin sin oifigigh ardchéime ó na Ballstáit le chéile (An Líonra um Bheartas Tomhaltóirí); údaráis cosanta tomhaltóirí (an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí); údaráis atá inniúil maidir le sábháilteacht táirgí (An Líonra um Shábháilteacht Tomhaltóirí); eagraíochtaí tomhaltóirí, go háirithe Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC), agus ionadaithe eile ón tsochaí shibhialta, ionadaithe gnó, agus ón saol acadúil (Grúpa Comhairleach um Beartas Tomhaltóirí).

Is é an **Cruinniú Mullaigh** bliantúil do **Thomhaltóirí** an t-am chun treochtaí reatha agus fadhbanna atá ag teacht chun cinn a phlé leis an raon is leithne páirtithe leasmhara ó gach cearn den Aontas agus níos faide i gcéin. Fónfaidh sé freisin chun breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir Oibre, lena n-áirítear an plean gníomhaíochta do thomhaltóirí sa mhargadh aonair. Ina theannta sin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun treoir pholaitiúil uileghabhálach a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre agus maidir le forbairtí ábhartha i mbeartas tomhaltóirí, tá sé beartaithe ag Coimisinéir an Aontais atá freagrach as cosaint tomhaltóirí **Fóram Aireachta maidir le Cosaint Tomhaltóirí** a thionól go tráthrialta, i gcomhar leis an gCruinniú Mullaigh Tomhaltóirí, b'fhéidir.

Anuas ar an gcreat institiúideach, ceanglaítear le rialachas gníomhach freisin go n-éistfear le guth gach uile tomhaltóir, lena n-áirítear tomhaltóirí ó ghrúpaí leochaileacha. Tá an Coimisiún tiomanta do thacaíocht a thabhairt do ghluaiseacht láidir tomhaltóirí, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de. Mar shampla, cisteoidh an Coimisiún obair leantach ar an gclár oiliúna **Consumer PRO** chun gairmithe tomhaltóirí a chumhachtú tuilleadh chun comhairle shaincheaptha a chur ar fáil do thomhaltóirí. I **straitéis an Aontais maidir leis an tsochaí shibhialta** atá ar na bacáin, molfaidh an Coimisiún bearta chun rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht éifeachtach

eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear grúpaí tomhaltóirí, i bpróisis ceaptha beartas poiblí a mhéadú tuilleadh, chomh maith lena gcosaint agus a dtacaíocht a neartú. Déanfaidh sé for-rochtain spriocdhírithe freisin chun ról a thabhairt do thomhaltóirí óga maidir le beartas tomhaltóirí a mhúnlú trí **Idirphlé Beartais leis an Aos Óg** a eagrú maidir le beartas tomhaltóirí.

Eagróidh an Coimisiún malartuithe tráthrialta freisin le páirtithe leasmhara gnó maidir le fadhbanna laghdaithe ualaigh agus simplithe i réimse an bheartais tomhaltóirí, lena n-áirítear **idirphlé maidir le cur chun feidhme** leis an gCoimisinéir atá freagrach as cosaint tomhaltóirí. Is é an aidhm a bheidh ann a áirithiú go ndéanfar plé domhain ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí agus ar bhearta a d’fhéadfaí a dhéanamh, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí simpliúcháin agus laghdaithe ualaigh an Choimisiúin. Tionóladh an chéad idirphlé maidir le cur chun feidhme ar chosaint tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach i mí Iúil 2025.

Is iad sonraí agus staidreamh tomhaltóirí, amhail **Scórchlár Dhálaí na dTomhaltóirí,** na príomhfhoinsí fianaise le haghaidh ceapadh beartas eolasach. Tá siad luachmhar freisin chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas Eorpach agus náisiúnta agus chun an dul chun cinn atá déanta a mheas. Féachfaidh an Coimisiún leis an mbonn fianaise a leathnú agus úsáid níos fearr sonraí agus taighde a chur chun cinn.

<u>Gníomhaíochtaí</u>

- **Fóram Aireachta maidir le Cosaint Tomhaltóirí** a thionól go tráthrialta.
- **Idirphlé Beartais leis an Aos Óg maidir le beartas tomhaltóirí** (2026) a eagrú.
- **Idirphlé maidir le cur chun feidhme** a reáchtáil maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (2026) agus ar an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí (2027).

## 6. CONCLÚID

Cuireann an tAontas Eorpach ceann de na leibhéil is airde ar domhan de chosaint tomhaltóirí ar fáil. Tá an creat láidir sin ríthábhachtach d’fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh aonair agus cuireann sé feabhas ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais. Trí chearta agus coimircí dlíthiúla cuimsitheacha a chur ar fáil, déanann beartas tomhaltóirí an Aontais tairbhí coincréiteacha de thionscnaimh an Aontais do gach saoránach agus is féidir leis gníomhú mar cholún cobhsaíochta le linn tréimhsí éiginnte.

Cuireann Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí leis an mbonn láidir sin, agus cuirtear sraith gníomhaíochtaí coincréiteacha chun cinn ann chun cosaint tomhaltóirí a neartú tuilleadh agus chun dul i ngleic le fadhbanna atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn. Cuideoidh na gníomhaíochtaí sin leis an muinín, na coimircí agus an deimhneacht dhlíthiúil a chruthú a theastaíonn ó thomhaltóirí agus ó ghnólachtaí araon chun iomaíocht, nuálaíocht, infheistíocht agus fás inbhuanaithe a chothú san Aontas.

Déanfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Chláir Oibre a mheas go tráthrialta agus déanfaidh sé faireachán ar thionchar na ngníomhaíochtaí a dhéanfar, go háirithe tríd an Suirbhé ar Dhálaí na dTomhaltóirí. Tá an Coimisiún ag tnúth le plé a dhéanamh ar an gcur chuige straitéiseach, ar na tosaíochtaí agus ar na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chlár Oibre seo leis na hinstitiúidí ábhartha uile agus leis na páirtithe

leasmhara uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus le hoibriú le chéile chun cosaint tomhaltóirí a chur chun cinn sna blianta amach romhainn.